# FÓGRA POIST

## Cúntóir Oifige (faoi oiliúint) le COMHAR

**Ról**

Tá Cúntóir Oifige (faoi oiliúint), ról páirtaimseartha, á earcú ag COMHAR, príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge.

Beidh an té a cheapfar faoi oiliúint, ag plé le gnéithe riaracháin, poiblíochta agus foilsitheoireachta ar thograí éagsúla COMHAR - an iris mhíosúil *Comhar* agus *Leabhair*COMHAR go príomha. Conradh páirtaimseartha 12 mhí (ag tosú tús mhí an Mheithimh 2026) atá á thairiscint. Is féidir go gcuirfear síneadh leis ag deireadh na tréimhse sin.

**Folúntas**

1 x Post Páirtaimseartha (2 lá/seachtain)

Tá oifig COMHAR lonnaithe ar Shráid Harrington, BÁC 8. Is gá don té a cheapfar a bheith i láthair san oifig gach seachtain.

**Tuarastal**

€31,495 pro-rata (Pointe 1, Grád: Oifigeach Cléireachais)

Is post faoi oiliúint é seo. Cuirfear deiseanna fiúntacha oiliúna ar fáil don té a cheapfar.

**Iarratais**

Spriocdháta: meán lae, Dé hAoine, 10 Aibreán 2026

Reáchtálfar agallaimh i mBaile Átha Cliath, Déardaoin, 23 Aibreán 2026.

Tuilleadh eolais faoin bpost ar fáil sa Sainchuntas Poist.

Is é COMHAR príomhfhoilsitheoir náisiúnta na Gaeilge:

- a fhoilsíonn iris mhíosúil cúrsaí reatha agus liteartha, *Comhar,*
- a bhfuil inphrionta foilsitheoireachta leabhar, *Leabhair*COMHAR,aige,
- a fhoilsíonn iris acadúil phiarmheasta ar líne, COMHAR*Taighde*,
- a bhfuil baint aige le tionscadail eile in earnáil na foilsitheoireachta Gaeilge.

Faigheann COMHAR tacaíocht/maoiniú ó na heagraíochtaí seo a leanas: Foras na Gaeilge, Clár na Leabhar Gaeilge, An Chomhairle Ealaíon, Acadamh Ríoga na hÉireann, COGG.
Fostóir comhionannais deiseanna é COMHAR.